**Parlaimint na hEorpa**
2019-2021

*An Coiste um Buiséid*

**2022/2150(INI)**

10.2.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir leis Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch le haghaidh 2023
(2022/2150(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Petri Sarvamaa

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ionchas eacnamaíoch agus sóisialta thar a bheith éiginnte ag AE mar thoradh ar thionchar marthanach phaindéim COVID-19, go háirithe i réimse na sláinte agus an oideachais, ó iarmhairtí chogadh coiriúil, neamhdhleathach agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ó bhoilsciú agus ón ngéarchéim fuinnimh agus costais mhaireachtála; ag cur béim ar ról NextGenerationEU (NGEU) sa fhreagairt beartais eacnamaíoch ar ghéarchéim COVID, freagairt beartais a bhí gasta, comhordaithe agus aontaithe agus ar agus a rannchuidiú leis an téarnamh tapa agus cothrom, agus méadú 5.4 % ar fhíor-OTI in 2021; á chur in iúl gur geal léi stóinseacht mhargadh an tsaothair; ag cur béim ar éifeacht chobhsaíochta na scéimeanna oibre náisiúnta a fhaigheann tacaíocht ón ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE), go háirithe maidir le hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha na paindéime a mhaolú, caipiteal daonna a chaomhnú i gcuideachtaí agus cur le gníomhaíocht cuideachtaí a éascú; á iarraidh go mbunófaí ionstraim speisialta bhuan go tráthúil de bhreis ar uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) d’fhonn ullmhacht bhuiséad AE a mhéadú chun freagairt go tapa do ghéarchéimeanna atá ann faoi láthair agus do ghéarchéimeanna eile atá ar na bacáin agus dá n-éifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha agus chun tosaíochtaí straitéiseacha AE atá ag teacht chun cinn a mhaoiniú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú gur féidir an ionstraim choiteann sin a ghníomhachtú go héifeachtach agus go pras de réir mar a thagann riachtanais chun cinn; ag dréim leis go dtacóidh an Coimisiún leis an modh comhphobail ina thograí amach anseo agus á athdhearbhú gur cheart go mbeadh aon ionstraim nua faoi chúram an údaráis bhuiséadaigh; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún ciste ceannasachta Eorpach a mholadh san athbhreithniú meántéarma ar CAI d’fhonn neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a áirithiú agus an spleáchas ar thíortha nach bhfuil san Aontas i bpríomhearnálacha a laghdú; ag dréim leis go molfaidh an Coimisiún an ciste sin tríd an ngnáthnós imeachta reachtach agus go ndéanfaidh sé é a ionchorprú go hiomlán in CAI, agus ar an gcaoi sin formhaoirseacht iomlán ag an bParlaimint a áirithiú, agus uasteorainneacha CAI coigeartaithe chun freastal ar an gciste nua;

2. á chur in iúl gur geal léi go rannchuidíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) le héiginnteacht ionchas eacnamaíoch agus sóisialta AE a mhaolú agus leis an aistriú cóir, leis an digitiú agus ar bhonn níos leithne le hAontas iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach lena ndéantar an fás inbhuanaithe a thabhairt chun réitigh le spriocanna sóisialta agus aeráide; á iarraidh go ndéanfar leasú RepowerEU ar Rialachán RRF a chur chun feidhme go pras agus go háirithe chun dlús a chur le hinfheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú a luaithe is féidir; á chur i bhfáth gur gá freisin, chun Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, garspriocanna agus spriocanna dea-oiriúnaithe a bhaint amach, agus go háirithe comhlíonadh an smachta reachta agus an chórais ghinearálta coinníollachta, ar cheart faireachán trédhearcach agus críochnúil a dhéanamh orthu agus gan aon chúlú a lamháil ar an méid atá bainte

amach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhlíonadh an smachta reachta agus an chórais ghinearálta coinníollachta, ós rud é gur réamhriachtanas bunúsach é buiséad an Aontais a chosaint chun rochtain a fháil ar an gciste; á athdhearbhú gur gá go mbeadh na sásraí riachtanacha faireacháin, iniúchóireachta agus forfheidhmithe i bhfeidhm ag na Ballstáit chun urraim don smacht reachta a áirithiú agus chun leasanna airgeadais AE a chosaint, go háirithe chun calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc agus chun trédhearcacht a áirithiú;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil baol seasmhachta i ndán do gheilleagar AE in 2023, agus nach sroichfidh fíorfhás OTI ach 0.3 % in 2023 agus ráta boilscithe 7 % a bhfuiltear ag súil leis; á chur i bhfios go láidir go lagaíonn an t-ionchas eacnamaíoch lag don Aontas a iomaíochas idirnáisiúnta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé infheistíocht shuntasach, spriocdhírithe agus dhea-chomhordaithe a choinneáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais d’fhonn iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta - agus, dá bhrí sin freisin, polaitiúil - a mhaolú agus inbhuanaitheacht iomaíoch AE a spreagadh; á chur i bhfáth gurb é is cúis le cuid mhór de rath na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ná tacaíocht airgeadais a bheith á slógadh d’athchóirithe agus d’infheistíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a chur i gcroílár thimthriall Sheimeastar Eorpach 2023 chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na Saoráide chun tacú le hathchóirithe agus infheistíocht leathan agus uaillmhianacha agus chun infheictheacht níos mó a thabhairt dóibh, rud a chuireann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i réimsí amhail córais bhreithiúnacha, an t-aistriú glas agus digiteach, an timpeallacht eacnamaíoch agus ghnó, digitiú, sláinte, oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil, cultúr, fostaíocht agus cúram sóisialta; á chreidiúint gur cheart d’athchóirithe a dhéanfar amach anseo ar an Seimeastar Eorpach leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó NGEU, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó ionstraim SURE, go háirithe a mhéid a bhaineann le próisis níos trédhearcaí agus níos daonlathaí, chomh maith le comhordú beartais agus cineálacha cur chuige comhoibríocha maidir le tosaíochtaí coiteanna a leagan síos;

4. á mheas go bhfuil gá le hathbhreithniú ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis chun geilleagar atá cóir, inbhuanaithe agus dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit creat rialachais eacnamaíoch AE a athchóiriú i bhfad roimh dhíghníomhachtú an chlásail éalaithe ghinearálta chun fás cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn go héifeachtach, cuntasacht dhaonlathach a fheabhsú agus géarchéim fiachais nua a sheachaint; ag aithint threoshuíomhanna an Choimisiúin maidir le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a shimpliú, maidir le difríochtaí i gconairí fioscacha na mBallstát, maidir le hanailís níos cuimsithí a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fiachais agus maidir leis na clásail ghinearálta éalaithe á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, san athbhreithniú ar an gcreat, déileáil le ranníocaíochtaí atá bunaithe ar ollioncam náisiúnta le buiséad an Aontais ar an mbealach céanna le gealltanais infheistíochta náisiúnta, ós rud é go dtacaíonn buiséad an Aontais le hinfheistíocht straitéiseach, spriocdhírithe agus fheabhsaithe fáis agus go bhfuil riosca níos ísle ann maidir le brú boilscithe i gcomparáid le cláir spreagtha fhioscacha náisiúnta; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach go hiomlán san athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch chomh maith leis an rialachas eacnamaíoch a bheidh ann amach anseo in AE, lena n-áirítear ionstraimí fioscacha a bhunú agus a bhainistiú;

5. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na ngéarchéimeanna réamhluaite ar bhuiséad an Aontais agus ar bhuiséid náisiúnta; á chur i bhfáth go bhfuil na Ballstáit tar éis bearta forleathana eacnamaíocha agus sóisialta riachtanacha a ghlacadh mar thoradh ar fhreagairtí ar ghéarchéimeanna; á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar fadtéarmach ag na bearta sin ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch, agus á mheas gur cheart go bhféadfaí filleadh ar chur chuige buiséadach inbhuanaithe san fhadtéarma; ag cur béim ar an ról lárnach a bheidh ag buiséid náisiúnta maidir leis an aistriú glas a mhaoiniú agus a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar ídiú acmhainní cánach; á mheabhrú go bhfuil difríocht shuntasach idir na Ballstáit maidir leis an spás fioscach atá ar fáil dóibh; ag tabhairt dá haire go bhfuil an baol ann go dtiocfaidh méadú ar an éagsúlacht idir na Ballstáit agus go mbeidh saobhadh féideartha sa mhargadh aonair de réir mar a leanann an ghéarchéim fuinnimh ar aghaidh agus dul chun cinn á dhéanamh; á thabhairt chun suntais go maolaítear an riosca sin trí oibriú trí bhuiséad an Aontais; á iarraidh ar na gníomhaithe uile, sa chomhthéacs sin, úsáid éifeachtach a bhaint as buiséad AE agus as a sheomra ceannaireachta, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na hacmhainní RRF uile atá ar fáil agus ar bhonn níos leithne trí fhoghlaim na gceachtanna ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a thionchar dearfach ar gheilleagar na hEorpa agus a acmhainneacht chun a áirithiú go mbeidh an tsaoirse fhioscach ag na Ballstáit uile leibhéil infheistíochta poiblí straitéisí atá ard go leor a cheadú faoi rialacha fioscacha, lena n-áirítear dlús a chur leis an aistriú cóir, agus iomaíocht chóir á caomhnú ag an am céanna;

6. á mheabhrú go bhfuil eisiúint bannaí mar bhonn taca le cur i bhfeidhm tapa agus tráthúil spreagadh fioscach NGEU; á aithint agus é ina dhíol sásaimh di gur eisigh an Coimisiún maoiniú fadtéarmach dar luach EUR 170.8 billiún go seasta agus go rathúil ó thús an chláir in ainneoin na ndálaí margaidh atá ag éirí níos dúshlánaí; á chur i bhfios go láidir gur féidir le NGEU, trí cheann de na heisitheoirí bannaí is mó san Eoraip a dhéanamh den Aontas, rannchuidiú le luaineacht reatha mhargadh caipitil AE a mhaolú; ag tabhairt dá haire go ndéanfar an ról sin a leathnú tuilleadh le maoiniú na hionstraime um Chúnamh Airgeadais Plus don Úcráin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag oibleagáidí méadaitheacha aisíocaíochta fiachais an Aontais mura láimhseáiltear go hiomchuí iad; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil acmhainní dílse nua ríthábhachtach le haghaidh aisíocaíochtaí fiachais chun sláine bheartais AE agus a bhuiséid a choimirciú, chomh maith le cumas iasachtaíochta AE a bheith go hiomlán inbhuanaithe; á chur i bhfáth go bhfuil gá le socrú soiléir chun fiachas a aisíoc chun sláine bhuiséad, bheartais agus acmhainneacht airgeadais AE a choimirciú, chomh maith le muinín infheisteoirí as an Aontas mar eisitheoir garcheannasach a chaomhnú; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, dlús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an togra le haghaidh cinneadh maidir le hacmhainní dílse bunaithe ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar Cholún I den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta/Creat Cuimsitheach G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ar an gcánachas íosta ar chuideachtaí ilnáisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle urraim iomlán a thabhairt don amlíne maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach a áirítear sa treochlár atá ceangailteach ó thaobh dlí mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais; á iarraidh ar an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh don dara ciseán d’acmhainní dílse nua sa tríú ráithe de 2023 ar a dhéanaí ionas gur féidir fiachas NGEU a athmhaoiniú gan dochar do

chláir a bheidh ann amach anseo.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 9.2.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 2<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Olivier Chastel, Andor Deli, Pascal Durand, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Matteo Gazzini, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valentino Deontas, Francisco Guerreiro, Valérie Hayer, Niclas Herbst, Hervé Juvin, Moritz Körner, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Dimitrios Papadimoulis, Bogdan Rzońca, Nils Ušakovs, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle ASIMAKOPOULOU, Jonás Fernández, Fabienne Keller, Eva Maria Poptcheva, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Alexander Bernhuber, Alicia Homs Ginel, Ivan Štefanec |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| EPP | Asim Ademov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Alexander Bernhuber, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Ivan Štefanec, Rainer Wieland |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Fabienne Keller, Eva Maria Poptcheva |
| S&D | Pietro Bartolo, Pascal Durand, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Alicia Homs Ginel, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Margarida Marques, Nils Ušakovs |
| The Left | Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro, Monika Vana |

| 2 | - |
|---|---|
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca |
| ID | Matteo Gazzini, Deontas Valentino |
| Renew | Moritz Körner |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh